



Uimhir 16 de 2013

AN tACHT UM NEAMHÚSÁID MÓTARFHEITHICLÍ, 2013
[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme
2. Léiriú
3. Rialacháin chun deireadh a chur le deacrachtaí

CUID 2

LEASÚ AR AN ACHT AIRGEADAIS (UIMH. 2), 1992

4. Leasú ar alt 18 d'Acht 1992
5. An tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt mar údarás ceadúnúcháin
6. Leasú ar alt 20 d'Acht 1992
7. Dearbhú maidir le neamhúsáid
8. Cion a bhaineann le dearbhú maidir le neamhúsáid
9. Forálacha idirthréimhseacha

CUID 3

LEASÚ AR AN ACHT AIRGEADAIS (DLEACHTA MÁIL) (FEITHICLÍ), 1952

10. Leasú ar alt 1 den Acht Airgeadais (Dleachta Máil) (Feithiclí), 1952

CUID 4

LEASÚ AR AN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL, 1998

11. Leasú ar alt 4 den Acht Rialtais Áitiúil, 1998
12. Leasú ar alt 6 den Acht Rialtais Áitiúil, 1998

[Uimh. 16.] *An tAcht um Neamhúsáid* [2013.]
Mótarfeithiclí, 2013.

NA HACHTANNA DÁ DTAGRÁITEAR

An tAcht Airgeadais (Dleachta Máil) (Feithiclí), 1952 (Uimh. 24)
An tAcht Airgeadais (Uimh. 2), 1992 (Uimh. 28)
An tAcht Airgeadais, 1976 (Uimh. 16)
An tAcht Airgeadais, 1989 (Uimh. 10)
An tAcht Airgeadais, 1992 (Uimh. 9)
An tAcht Airgeadais, 1993 (Uimh. 13)
An tAcht Airgeadais, 1994 (Uimh. 13)
An tAcht Rialtais Áitiúil, 1998 (Uimh. 16)
An tAcht um Mótarfeithiclí (Dleachtanna agus Ceadúnais), 2003 (Uimh. 5)
An tAcht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (Ródaemhainneacht Feithiclí Tráchtála), 2012 (Uimh. 16)
An tAcht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 (Uimh. 24)



Uimhir 16 de 2013

AN tACHT UM NEAMHÚSÁID MÓTARFHEITHICLÍ, 2013
[An tiontú oifigiúil]

Acht do dhéanamh socrú maidir le dearbhuithe i dtaobh neamhúsáid mótarfheithiclí; maidir le híocaíochtaí áirithe as an gciste rialtais áitiúil; do leasú an Achta Airgeadais (Dleachta Máil) (Feithiclí), 1952, an Achta Airgeadais (Uimh. 2), 1992 agus an Achta Rialtais Áitiúil, 1998 agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

[4 Meitheamh 2013]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Gearrtheideal agus tosach feidhme

1. (1) Féadfar an tAcht um Neamhúsáid Mótarfheithiclí, 2013 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

Léiriú

2. San Acht seo—

ciallaíonn “Acht 1992” an tAcht Airgeadais (Uimh. 2), 1992;

ciallaíonn “Aire” an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Rialacháin chun deireadh a chur le deacrachtaí

3. (1) Má éiríonn aon deacracht, ar aon slí, maidir le haon fhoráil den Acht seo a thabhairt i ngníomh nó i ndáil le hoibriú aon fhorála den sórt sin, féadfaidh an tAire, le rialacháin, aon ní a dhéanamh is dóigh leis nó léi is gá nó is fóirsteanach chun deireadh a chur leis an deacracht sin, chun an fhoráil sin a thabhairt i ngníomh nó chun a hoibriú a áirithiú nó a éascú agus féadfar, le haon rialacháin den sórt sin, aon fhoráil den Acht seo a mhodhnú a mhéid is gá nó is fóirsteanach chun go mbeidh éifeacht le foráil den sórt sin chun na

gcríoch réamhráite, ach ní dhéanfar rialacháin ar bith faoin alt seo i ndáil le haon fhoráil den Acht seo tar éis 2 bhliain dar tosach an lá a thagann an fhoráil i ngníomh a bheith caite.

(2) I gcás go mbeartaítear rialacháin a dhéanamh faoin alt seo, leagfar dréacht de na rialacháin faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar na rialacháin go dtí go mbeidh rún ag ceadú an dréachta rite ag gach Teach díobh sin.

CUID 2

LEASÚ AR AN ACHT AIRGEADAIS (UIMH. 2), 1992

Leasú ar alt 18 d'Acht 1992

4. Leasaítear alt 18 d'Acht 1992—

(a) trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

“ciallaíonn ‘taifid cheadúnúcháin’ na taifid arna mbunú agus arna gcothabháil faoi alt 60(2) (a leasaíodh le halt 86 den Acht Airgeadais, 1994) den Acht Airgeadais, 1993;

forléireofar ‘dearbhu maidir le neamhúsáid’ de réir alt 20B;

forléireofar ‘úsáid’ de réir alt 20B;”,

agus

(b) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar údarás ceadúnúcháin (a leasaíodh le halt 55 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála), 2012):

“ciallaíonn ‘údarás ceadúnúcháin’ comhairle contae nó cathrach a dheonaíonn ceadúnais faoi alt 1 d'Acht 1952 nó, maidir leis na ceadúnais sin, i gcás go n-éilíonn an comhthéacs é, an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt;”.

An tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt mar údarás ceadúnúcháin

5. (1) Leasaítear Acht 1992 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 18:

“An tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt mar údarás ceadúnúcháin

18A. Maidir leis na cumhachtaí agus na feidhmeanna a thugtar do chomhairle contae nó cathrach, go háirithe le hAcht 1920 agus le hAcht 1952, nó fúthu—

(a) chun dleacht máil a mhuirearú nó a thobhach faoi Acht 1952, agus

(b) chun ceadúnas a dheonú faoi alt 1 d'Acht 1952,

agus i ndáil leis an gcéanna, féadfaidh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt iad a fheidhmiú freisin i gcás go n-éilíonn an comhthéacs é.”.

(2) Leasaítear Airteagal 3 (a leasaíodh le halt 8 den Acht um Mótarfheithiclí (Dleachtanna agus Ceadúnais), 2003) den Ordú um Fheithiclí Bóthair (Clárú agus Ceadúnú), 1958 (I.R. Uimh. 15 de 1958), sa mhíniú ar “údarás ceadúnúcháin”, trí “an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt” a chur in ionad “an tAire”.

(3) Leasaítear Airteagal 1 (a leasaíodh le hAirteagal 2 de na Rialacháin um Fheithiclí Bóthair (Clárú agus Ceadúnú) (Leasú), 2003 (I.R. Uimh. 486 de 2003)) de na Rialacháin um Fheithiclí Bóthair (Clárú agus Ceadúnú) (Leasú), 1992 (I.R. Uimh. 385 de 1992), sa mhíniú ar “údarás ceadúnúcháin”, trí “an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt” a chur in ionad “an tAire”.

Leasú ar alt 20 d’Acht 1992

6. Leasaítear alt 20 d’Acht 1992—

(a) i bhfo-alt (1)(b), tríd an bhfomhír seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i):

“(i) ar fheithicil i leith tréimhse a shonraítear i ndearbhú maidir le neamhúsáid agus dar tosach—

(I) i ndáil le feithicil nach raibh faoi cheadúnas cheana faoi alt 1 d’Acht 1952, an dáta a thairféadtar an fheithicil ar an gclár ar choinníoll go dtugann an t-úinéir cláraithe an dearbhú maidir le neamhúsáid d’údarás ceadúnúcháin tráth nach déanaí ná deich lá tar éis an dáta tairféadta sin,

(II) (A) dáta éagtha an cheadúnais is déanaí i leith na feithicle a tógadh amach faoi alt 1 d’Acht 1952, nó

(B) dáta éagtha na tréimhse a shonraítear sa dearbhú is déanaí maidir le neamhúsáid i leith na feithicle ar ghlac údarás ceadúnúcháin leis,

ar choinníoll go dtugann an t-úinéir cláraithe an dearbhú maidir le neamhúsáid d’údarás ceadúnúcháin tráth nach déanaí ná mí amháin roimh an dáta éagtha sin, nó

(III) an dáta a aistrítear úinéireacht na feithicle, ar choinníoll go dtugann an duine ar aistríodh an fheithicil chuige nó chuici an dearbhú maidir le neamhúsáid d’údarás ceadúnúcháin tráth nach déanaí ná deich lá tar éis an dáta a aistríodh úinéireacht,”.

agus

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1A):

“(1AB) (a) San fho-alt seo—

ciallaíonn ‘muirear breise’ méid—

- (i) is comhionann le suim arb éard í an deichiú cuid den ráta bliantúil dleachta máil, nuair a chuirtear é leis an dóú cuid déag de ráta bliantúil na dleachta máil, agus
- (ii) is iníoctha ar an gceadúnas i leith gach míosa den tréimhse riaráistí,

agus i gcás go bhfuil duine faoi dhliteanas muirear breise a íoc faoin bhfo-alt seo chomh maith leis an dleacht máil a mhuirearaítear agus a thoibhítear ar fheithicil faoi alt 1 d’Acht 1952 agus is iníoctha ar cheadúnas faoin alt sin den Acht sin, agus i gcás nach slánuimhir euro toradh ríomh an mhuirir breise agus na dleachta máil lena mbaineann, déanfar an méid a chothromú síos go dtí an chéad slánuimhir euro eile;

ciallaíonn ‘tréimhse riaráistí’, i ndáil le ceadúnas lena mbaineann mír (b), an tréimhse dar tosach—

- (i) an dáta a dhéantar an taifeadadh ar an gclár dá dtagraítear i mír (b)(i),
- (ii) (I) dáta éagtha an cheadúnais is déanaí a tógadh amach faoi alt 1 d’Acht 1952 agus dá dtagraítear i mír (b)(ii)(I), nó
- (II) dáta éagtha na tréimhse a shonraítear sa dearbhú is déanaí maidir le neamhúsáid ar ghlac an t-údarás ceadúnúcháin leis agus dá dtagraítear i mír (b)(ii)(II),

nó

- (iii) an dáta a dhéantar an t-aistriú úinéireachta dá dtagraítear i mír (b)(iii),

agus dar críoch an lá roimh dháta thosach feidhme an cheadúnais sin.

- (b) I gcás go ndéantar iarratas ar cheadúnas faoi alt 1 d’Acht 1952 chuig údarás ceadúnúcháin—

- (i) i ndáil le feithicil nach raibh faoi cheadúnas den sórt sin cheana, i mí seachas an mhí ina ndéantar an fheithicil a thaifeadadh ar an gclár,
- (ii) i ndáil le feithicil, tráth is déanaí ná mí—

(I) tar éis dul in éag don cheadúnas is déanaí a tógadh amach faoi alt 1 d’Acht 1952, nó

(II) tar éis dul in éag don tréimhse a shonraítear sa dearbhú is déanaí maidir le neamhúsáid ar ghlac an t-údarás ceadúnúcháin leis,

de réir mar a bheidh, nó

[2013.]

*An tAcht um Neamhúsáid
Mótarfheithiclí, 2013.*

[Uimh. 16.]

Cd.2 A.6

(iii) i gcás go ndearnadh úinéireacht feithicle a aistriú, i mí seachas an mhí ina n-aistrítear an úinéireacht,

beidh úinéir na feithicle, i leith gach míosa den tréimhse riaráistí, faoi dhliteanas muirear breise chomh maith leis an dleacht máil, a mhuirearaítear agus a thobhítear ar fheithicil faoi alt 1 d'Acht 1952 agus is iníoctha ar cheadúnas faoin alt sin den Acht sin, a íoc leis an údarás ceadúnúcháin lena mbaineann, agus ní dheonóidh an t-údarás ceadúnúcháin an ceadúnas mura n-íoctar an muirear breise agus an dleacht máil.

(c) Maidir le ráta na dleachta máil is iníoctha ar cheadúnas lena mbaineann mír (b) an lá a thógtar amach é—

(i) is é ráta na dleachta máil é is iníoctha i leith an cheadúnais don tréimhse riaráistí uile, agus

(ii) is é ráta na dleachta máil é a mbeidh feidhm aige chun an muirear breise don tréimhse riaráistí uile a ríomh.”.

Dearbhú maidir le neamhúsáid

7. Leasaítear Acht 1992 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 20A:

“Dearbhú maidir le neamhúsáid

20B. (1) San alt seo—

beidh le ‘áit phoiblí’ an bhrí a shanntar dó le halt 1 (a leasaíodh le halt 78 den Acht Airgeadais, 1976) d'Acht 1952;

forléireofar ‘úsáid’, i ndáil le feithicil a úsáid, amhail is dá bhfolódh ‘úsáid’ feithicil a choimeád nó a fhágáil ar fos.

(2) Féadfaidh úinéir cláraithe feithicle dearbhú (‘dearbhu maidir le neamhúsáid’) a dhéanamh á rá nach n-úsáidfear an feithicil in áit phoiblí agus féadfar é a thabhairt d’údarás ceadúnúcháin.

(3) Aon dearbhú maidir le neamhúsáid—

(a) is i scríbhinn nó trí mheán leictreonach a dhéanfar é,

(b) sonrúfar ann ainm an úinéara chláráithe,

(c) sonrúfar ann an marc aitheantais a sannadh don feithicil lena mbaineann faoi alt 131(5) den Acht Airgeadais, 1992,

(d) sonrúfar ann tréimhse—

(i) nach n-úsáidfear an feithicil in áit phoiblí lena linn,

- (ii) nach giorra ná 3 mhí agus nach faide ná 12 mhí, agus
 - (iii) a thosóidh an chéad lá de mhí agus a chríochnóidh an lá deireanach de mhí,
 - (e) beidh an táille fhorordaithe ag gabháil leis,
 - (f) beidh cibé faisnéis eile ann a fhorordófar, agus
 - (g) beidh sé i cibé foirm a fhorordófar, lena n-áirítear foirm leictreonach.
- (4) Aon údarás ceadúnúcháin atá sásta le dearbhú maidir le neamhúsáid a tugadh dó, tabharfaidh sé fógra maidir leis an méid sin d'úinéir na feithicle lena mbaineann agus—
- (a) ní eiseoidh sé ceadúnas faoi alt 1 d'Acht 1952 i ndáil leis an bhfeithicil lena mbaineann, agus
 - (b) déanfaidh sé an dearbhú maidir le neamhúsáid a thaifeadadh ar na taifid cheadúnúcháin agus féadfaidh sé an dearbhú sin a thaifeadadh amhlaidh trí mheán leictreonach.
- (5) (a) Ní bheidh aon éifeacht le dearbhú maidir le neamhúsáid, agus ní ghlacfaidh an t-údarás ceadúnúcháin leis, d'ainneoin é a bheith ar intinn ag an úinéir gan an fheithicil a úsáid in áit phoiblí go ceann tréimhse shonraithe, i gcás go dtugtar an dearbhú don údarás—
- (i) i ndáil le feithicil nach raibh faoi cheadúnas cheana faoi alt 1 d'Acht 1952, tráth is déanaí ná 10 lá tar éis an dáta a taifeadadh an fheithicil ar an gclár,
 - (ii) i ndáil le feithicil—
 - (I) ar dhul in éag don cheadúnas is déanaí a tógadh amach faoi alt 1 d'Acht 1952, nó ina dhiaidh sin, nó
 - (II) ar dhul in éag don tréimhse a shonraítear sa dearbhú is déanaí maidir le neamhúsáid ar ghlac údarás ceadúnúcháin leis, nó ina dhiaidh sin,
- de réir mar a bheidh, nó
- (iii) i gcás go ndearnadh úinéireacht feithicle a aistriú, tráth is déanaí ná 10 lá tar éis an dáta a rinneadh úinéireacht a aistriú.
- (b) Déanfaidh an t-údarás ceadúnúcháin dearbhú maidir le neamhúsáid dá dtagraítear i mír (a) a thabhairt ar ais don úinéir, mar aon leis na nithe seo a leanas—
- (i) aisíocaíocht i leith aon táille a íocadh leis an údarás i leith an dearbhaithe, agus

[2013.]

An tAcht um Neamhúsáid
Mótarfheithiclí, 2013.

[Uimh. 16.]

Cd.2 A.7

- (ii) fógra á rá go bhfuil an t-úinéir faoi dhliteanas i leith dleacht máil is inmhuirearaithe, is intoibhithe agus is iníoctha ar an bhfeithicil faoi alt 1 d'Acht 1952 agus is iníoctha ar cheadúnas faoin alt sin den Acht sin agus, más infheidhme, i leith muirear breise faoi alt 20(1AB).

(6) Féadfaidh duine feithicil a úsáid in áit phoiblí ar tugadh dearbhú maidir le neamhúsáid don údarás ceadúnúcháin lena mbaineann i ndáil léi agus ar ghlac an t-údarás ceadúnúcháin lena mbaineann le dearbhú den sórt sin i ndáil léi, le linn na tréimhse a shonraítear sa dearbhú maidir le neamhúsáid, ar choinníoll nach n-úsáidtear an feithicil ach amháin chun na gcríoch dá dtagraítear in alt 20(1)(b)(iii).

(7) I leith feithicil ar tugadh dearbhú maidir le neamhúsáid don údarás ceadúnúcháin lena mbaineann i ndáil léi agus ar ghlac an t-údarás ceadúnúcháin lena mbaineann le dearbhú den sórt sin i ndáil léi, féadfaidh an t-úinéir clárú iarratas a dhéanamh ar cheadúnas faoi alt 1 d'Acht 1952 roimh dhul in éag don tréimhse a shonraítear sa dearbhú maidir le neamhúsáid, agus—

- (a) déanfaidh an t-údarás ceadúnúcháin deonú an cheadúnais a thairfeadh ar na taifid cheadúnúcháin, lena n-áirítear trí mheán leictreonach,
- (b) ní bheidh aon éifeacht leis an dearbhú maidir le neamhúsáid ar agus ó dháta thosach feidhme an cheadúnais, agus
- (c) ní dhéanfar aon aisíocaíocht i leith táille a íocadh i leith an dearbhaithe.

(8) Tosóidh an tréimhse lena mbainfidh dearbhú maidir le neamhúsáid faoi fhomhír (i)(I) d'alt 20(1)(b) an dáta a thairfeadh an feithicil ar an gclár agus críochnóidh sí ar dháta nach luaithe ná 3 mhí agus nach déanaí ná 12 mhí tar éis an chéad lae den mhí inar thairfeadh an feithicil ar an gclár.

(9) Ní ghlacfaidh údarás ceadúnúcháin le dearbhú maidir le neamhúsáid a rinneadh faoi fhomhír (i)(III) d'alt 20(1)(b) mura ndearnadh fógra i dtaobh an aistriúcháin ar úinéireacht na feithicle a sheachadadh ar an údarás ceadúnúcháin de réir rialacháin arna ndéanamh faoi alt 12 d'Acht 1920.

(10) Más rud é, i leith feithicil ar tugadh dearbhú maidir le neamhúsáid don údarás ceadúnúcháin lena mbaineann i ndáil léi agus ar ghlac an t-údarás ceadúnúcháin lena mbaineann le dearbhú den sórt sin i ndáil léi, go ndéantar aistriú úinéireachta roimh dhul in éag don tréimhse a shonraítear sa dearbhú maidir le neamhúsáid—

- (a) déanfaidh an t-údarás ceadúnúcháin, ar fhógra i dtaobh an aistriúcháin úinéireachta arna sheachadadh ar an údarás de réir rialacháin faoi alt 12 d'Acht 1920 a fháil, an t-aistriú sin a thairfeadh ar na taifid cheadúnúcháin, agus féadfaidh sé an t-aistriú sin a thairfeadh amhlaidh trí mheán leictreonach,
- (b) ní bheidh aon éifeacht leis an dearbhú maidir le neamhúsáid ar agus ó dháta an aistriúcháin úinéireachta,

(c) tagann an dleacht máil i leith na feithicle a fhorchuirtear le hAcht 1952 chun bheith iníoctha láithreach, agus

(d) ní dhéanfar aon aisíocaíocht i leith táille a íocadh i leith an dearbhaithe.

(11) Tosóidh an tréimhse lena mbainfidh dearbhú maidir le neamhúsáid faoi fhomhír (i)(III) d'alt 20(1)(b) an dáta a aistrítear úinéireacht na feithicle agus críochnóidh sí ar dháta nach luaithe ná 3 mhí agus nach déanaí ná 12 mhí tar éis an chéad lae den mhí ina n-aistrítear an úinéireacht.

(12) Aon dearbhú a ndearnadh iarratas i ndáil leis faoi alt 1(11A) d'Acht 1952 chun dleacht máil a aisíoc faoi alt 1 den Acht sin, measfar gur dearbhú maidir le neamhúsáid é chun críocha an ailt seo.

(13) Féadfaidh an tAire táille a fhorordú a bheidh ag gabháil le dearbhú maidir le neamhúsáid.

(14) Ní cheanglófar go mbeidh aon táille ag gabháil le dearbhú maidir le neamhúsáid arna dhéanamh i ndáil le feithicil—

(a) nach inmhuirearaithe nó nach intoibhithe aon dleacht máil faoi Acht 1952 ina leith faoi alt 1(4) den Acht sin,

(b) atá díolmhaithe ó dhleacht máil de bhua í a bheith ar úinéireacht ag an Stát,

(c) a ndearnadh dleacht máil faoi Acht 1952 a aisíoc ina leith faoi réir rialacháin arna ndéanamh faoi alt 1(11A) den Acht sin,

(d) a bhfuil dleacht máil faoi Acht 1952 inmhuirearaithe ina leith de réir ráta bliantúil arna fhorordú le rialacháin faoi alt 1(2)(b) den Acht sin, nó

(e) a úsáideann duine lena mbaineann rialacháin arna ndéanamh faoi alt 92 den Acht Airgeadais, 1989.

Cion a bhaineann le dearbhú maidir le neamhúsáid

8. Leasaítear Acht 1992 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 20B (a chuirtear isteach le *halt* 7):

“20C. Aon duine a thugann dearbhú maidir le neamhúsáid d'údarás ceadúnúcháin ina bhfuil faisnéis is eol dó nó di a bheith bréagach, nó míthreorach i bponc ábhartha, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil de chuid aicme B nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.”

Forálacha idirthréimhseacha

9. (1) San alt seo—

ciallaíonn “Acht 1952” an tAcht Airgeadais (Dleachta Máil) (Feithiclí), 1952;

ciallaíonn “iarratas ar cheadúnas” iarratas chuig údarás ceadúnúcháin ar cheadúnas faoi alt 1 d’Acht 1952;

tá le “údarás ceadúnúcháin” an bhrí chéanna atá leis in alt 18 (a leasaítear le *halt 4*) d’Acht 1992;

faoi réir aon mhodhnuithe is gá chun críocha an ailt seo, forléireofar “dearbhu maidir le neamhúsáid a dhéanamh” de réir alt 20B (a chuirtear isteach le *halt 7*) d’Acht 1992;

faoi réir aon mhodhnuithe is gá chun críocha an ailt seo, forléireofar “dearbhu maidir le neamhúsáid” de réir alt 20B (a chuirtear isteach le *halt 7*) d’Acht 1992;

faoi réir aon mhodhnuithe is gá chun críocha an ailt seo, tá le “tréimhse riaráistí” an bhrí chéanna atá leis i bhfo-alt (1AB) (a chuirtear isteach le *halt 6*) d’Acht 1992;

tá le “áit phoiblí” an bhrí chéanna atá leis in alt 1 (a leasaíodh le *halt 78* den Acht Airgeadais, 1976) d’Acht 1952;

tá le “clár” an bhrí chéanna atá leis in alt 18 d’Acht 1992;

ciallaíonn “idirthréimhse” an tréimhse dar tosach an dáta a thagann an t-alt seo i ngníomh agus dar críoch an lá deireanach den tréimhse tar éis an dáta sin;

forléireofar “úsáid”, i ndáil le feithicil a úsáid, amhail is dá bhfolódh “úsáid” feithicil a choimeád nó a fhágáil ar fos;

tá le “feithicil” an bhrí chéanna atá leis in alt 18 d’Acht 1992.

(2) Tá dualgas ar dhuine dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)*, i ndáil le feithicil lena mbaineann, ceann amháin, agus gan ach aon cheann amháin, díobh seo a leanas a dhéanamh le linn na hidirthréimhse:

- (a) iarratas ar cheadúnas a dhéanamh;
- (b) dearbhu maidir le neamhúsáid a dhéanamh.

(3) Tá an dualgas dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* ar gach duine de na daoine seo a leanas:

- (a) úinéir feithicle ar ceanglaíodh air nó uirthi, i ndáil le feithicil nach raibh faoi cheadúnas cheana faoi alt 1 d’Acht 1952, iarratas a dhéanamh ar cheadúnas den sórt sin sa mhí inar taifeadadh an fheithicil sa chlár, ach a rinne mainneachtain nó faillí déanamh amhlaidh;
- (b) úinéir feithicle ar ceanglaíodh air nó uirthi, ar dhul in éag don cheadúnas is déanaí a tógadh amach faoi alt 1 d’Acht 1952 i ndáil leis an bhfeithicil, iarratas a dhéanamh ar cheadúnas den sórt sin laistigh de mhí amháin ó thráth éagtha an cheadúnais sin, ach a rinne mainneachtain nó faillí déanamh amhlaidh;
- (c) úinéir feithicle ar ceanglaíodh air nó uirthi, ar úinéireacht na feithicle a aistriú, iarratas a dhéanamh ar cheadúnas faoi alt 1 d’Acht 1952, sa mhí inar aistríodh úinéireacht na feithicle, ach a rinne mainneachtain nó faillí déanamh amhlaidh.

(4) I gcás go ndéanann duine iarratas ar cheadúnas faoi *fho-alt (2)(a)*, ní bheidh feidhm ag alt 20(1AB) (a chuirtear isteach le *halt 6*) d’Acht 1992 ach amháin maidir le tréimhse riaráistí dar críoch tráth nach déanaí ná an lá deireanach den dara mí tar éis an dáta a thagann an t-alt seo i ngníomh, agus sin faoi réir na modhnuithe seo a leanas agus aon mhodhnuithe eile is gá:

(a) amhail is, i mír (a)—

(i) go gciallaíonn “muirear breise” méid nialais,

(ii) go ndéanfaí, sa mhíniú ar “tréimhse riaráistí”, “agus dar críoch an lá arb é an lá is luaithe é de na laethanta seo a leanas, eadhon, an lá roimh dháta thosach feidhme an cheadúnais a ndearna an duine iarratas air faoi *alt 9(2)(a)* den *Acht um Neamhúsáid Mótarfheithiclí, 2013* nó an lá deireanach den dara mí tar éis an dáta a thagann an t-alt sin den Acht sin i ngníomh” a chur in ionad “agus dar críoch an lá roimh dháta thosach feidhme an cheadúnais sin”,

(b) amhail is nach bhfuil feidhm ag mír (c).

(5) I gcás go ndéanann duine dearbhú maidir le neamhúsáid faoi *fho-alt (2)(b)*—

(a) beidh feidhm ag mír (b) d’alt 20(1) (a leasaítear le *halt 6*) d’Acht 1992 faoi réir an mhodhnaithe go léifear í amhail is dá ndéanfaí an méid seo a leanas a chur in ionad fhomhír (i):

“(i) ar fheithicil i leith tréimhse a shonraítear i ndearbhú maidir le neamhúsáid agus dar tosach—

(I) i ndáil le feithicil nach raibh faoi cheadúnas cheana faoi alt 1 d’Acht 1952, an chéad lá den mhí tar éis na tréimhse ar ina leith a íoctar an muirear breise agus an dleacht máil, faoi *alt 9(5)(b)* den *Acht um Neamhúsáid Mótarfheithiclí, 2013*, ar choinníoll go dtugann an t-úinéir cláraithe an dearbhú maidir le neamhúsáid le linn na hidirthréimhse,

(II) i ndáil le feithicil ar ina leith a d’éag an cheadúnas is déanaí faoi alt 1 d’Acht 1952, an chéad lá den mhí tar éis na tréimhse ar ina leith a íoctar an muirear breise agus an dleacht máil, faoi *alt 9(5)(b)* den *Acht um Neamhúsáid Mótarfheithiclí, 2013*, ar choinníoll go dtugann an t-úinéir cláraithe an dearbhú maidir le neamhúsáid le linn na hidirthréimhse, agus

(III) i ndáil le feithicil i gcás inar aistríodh an úinéireacht, an chéad lá den mhí tar éis na tréimhse ar ina leith a íoctar an muirear breise agus an dleacht máil, faoi *alt 9(5)(b)* den *Acht um Neamhúsáid Mótarfheithiclí, 2013*, ar choinníoll go dtugann an t-úinéir cláraithe an dearbhú maidir le neamhúsáid le linn na hidirthréimhse,”

(b) ní bheidh feidhm ag alt 20(1AB) (a chuirtear isteach le *halt 6*) d’Acht 1992 ach amháin maidir le tréimhse riaráistí dar críoch tráth nach déanaí ná an lá deireanach den dara mí tar éis an dáta a thagann an t-alt seo i ngníomh, agus sin faoi réir na modhnuithe seo a leanas agus aon mhodhnuithe eile is gá:

(i) amhail is, i mír (a)—

(I) go gciallaíonn “muirear breise” méid nialais,

(II) go ndéanfaí, sa mhíniú ar “tréimhse riaráistí”, “agus dar críoch an lá arb é an lá is luaithe é de na laethanta seo a leanas, eadhon, an lá roimh dháta thosach feidhme an dearbhaithe maidir le neamhúsáid a tugadh faoi *alt 9(2)(b)* den *Acht um Neamhúsáid Mótarfeithiclí, 2013* nó an lá deireanach den dara mí tar éis an dáta a thagann an t-alt sin den Acht sin i ngníomh” a chur in ionad “agus dar críoch an lá roimh dháta thosach feidhme an cheadúnais sin”,

(ii) amhail is, i mír (b)—

(I) go ndéanfaí “Más rud é, le linn na hidirthréimhse dá dtagraítear in *alt 9* den *Acht um Neamhúsáid Mótarfeithiclí, 2013*, go ndéantar dearbhú maidir le neamhúsáid, faoi *alt 9(2)(b)* den Acht sin, a thabhairt don údarás ceadúnúcháin” a chur in ionad “I gcás go ndéantar iarratas ar cheadúnas faoi alt 1 d’Acht 1952 chuig údarás ceadúnúcháin,” agus

(II) go ndéanfaí “agus ní ghlacfaidh an t-údarás ceadúnúcháin leis an dearbhú maidir le neamhúsáid mura n-íoctar an muirear breise agus an dleacht máil” a chur in ionad “agus ní dheonóidh an t-údarás ceadúnúcháin an ceadúnas mura n-íoctar an muirear breise agus an dleacht máil.”,

agus

(iii) amhail is nach bhfuil feidhm ag mír (c),

agus

(c) bainfidh alt 20B (a chuirtear isteach le *halt 7*) d’Acht 1992 le dearbhú maidir le neamhúsáid amhail is nach bhfuil feidhm ag fo-ailt (5), (8) agus (11) den alt sin, fara aon mhodhnuithe eile is gá.

(6) I gcás go mainníonn úinéir feithicle, le linn na hidirthréimhse, a dhualgas nó a dualgas faoi *fho-alt (2)* a chomhlíonadh maidir le hiarratas a dhéanamh ar cheadúnas nó dearbhú maidir le neamhúsáid a dhéanamh de réir an ailt seo—

(a) beidh feidhm ag alt 20(1AB) (a chuirtear isteach le *halt 6*) d’Acht 1992 maidir le hiarratas ar cheadúnas a dhéanann sé nó sí agus beidh an t-úinéir faoi dhliteanas de dhroim na mainneachtana sin i leith an mhuirir breise agus an ráta dleachta máil is iníoctha faoin bhfo-alt sin, agus

- (b) ní ghlacfaidh an t-údarás ceadúnúcháin le dearbhú maidir le neamhúsáid ach amháin de réir alt 20B (a chuirtear isteach le *halt* 7) d'Acht 1992.

(7) Tá dualgas ar dhuine dá dtagraítear i *bhfo-alt* (8), i ndáil le feithicil lena mbaineann, ceann amháin, agus gan ach aon cheann amháin, díobh seo a leanas a dhéanamh le linn na hidirthréimhse:

- (a) iarratas a dhéanamh ar cheadúnas;
(b) dearbhú maidir le neamhúsáid a dhéanamh.

(8) Tá an dualgas dá dtagraítear i *bhfo-alt* (7) ar gach duine de na daoine seo a leanas:

- (a) úinéir feithicle nach raibh faoi cheadúnas cheana faoi alt 1 d'Acht 1952 agus nár úsáideadh in áit phoiblí ó taifeadadh an fheithicil sa chlár;
(b) úinéir feithicle nár úsáideadh in áit phoiblí ó thráth éagtha an cheadúnais is déanaí a tógadh amach faoi alt 1 d'Acht 1952 i ndáil leis an bhfeithicil;
(c) úinéir feithicle nár úsáideadh in áit phoiblí ó aistríodh úinéireacht na feithicle.

(9) Faoi réir *fho-alt* (10)—

- (a) beidh feidhm ag *fo-alt* (4) i gcás go ndéanann duine dá dtagraítear i *bhfo-alt* (8) iarratas ar cheadúnas ar an tslí chéanna a bhfuil feidhm aige i gcás go ndéanann duine dá dtagraítear i *bhfo-alt* (3) iarratas ar cheadúnas, agus
(b) beidh feidhm ag *fo-alt* (5) i gcás go ndéanann duine dá dtagraítear i *bhfo-alt* (8) dearbhú maidir le neamhúsáid ar an tslí chéanna a bhfuil feidhm aige i gcás go ndéanann duine dá dtagraítear i *bhfo-alt* (3) dearbhú maidir le neamhúsáid.

(10) (a) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt* (4) ná (5) i gcás go ndéanann duine dá dtagraítear i *bhfo-alt* (8) iarratas ar cheadúnas nó go ndéanann sé nó sí dearbhú maidir le neamhúsáid i gcás go nglacann an t-údarás ceadúnúcháin le dearbhú (dá ngairtear “dearbhú maidir le húsáid cheana” san *fho-alt* seo), a tugadh leis an iarratas ar cheadúnas nó leis an dearbhú maidir le neamhúsáid, á rá nach ndearnadh an fheithicil a shainaithnítear sa dearbhú maidir le húsáid cheana a úsáid in áit phoiblí, ar feadh tréimhse shonraithe dar tosach—

- (i) i ndáil le feithicil dá dtagraítear i *bhfo-alt* (8)(a), an lá a cláraíodh an fheithicil,
(ii) i ndáil le feithicil dá dtagraítear i *bhfo-alt* (8)(b), an lá tar éis dul in éag don cheadúnas is déanaí a tógadh amach,
(iii) i ndáil le feithicil dá dtagraítear i *bhfo-alt* (8)(c), an lá a aistríodh úinéireacht na feithicle,

agus dar críoch an lá arb é an lá is luaithe díobh seo a leanas é—

[2013.] *An tAcht um Neamhúsáid Mótarfheithiclí, 2013.* [Uimh. 16.] Cd.2 A.9

(I) an lá roimh dháta thosach feidhme an cheadúnais a ndearna an duine iarratas air faoi *fho-alt (7)(a)* nó, de réir mar a bheidh, dáta thosach feidhme an dearbhaithe maidir le neamhúsáid a rinne an duine faoi *fho-alt (7)(b)*, nó

(II) an lá arb é an lá deireanach é den dara mí tar éis don alt seo teacht i ngníomh.

(b) Déanfaidh úinéir na feithicle an dearbhú maidir le húsáid cheana a chomhlánú agus a shíniú i stáisiún de chuid an Gharda Síochána i láthair comhalta den Gharda Síochána, agus déanfaidh an comhalta sin, ar bheith deimhin dó nó di de chéannacht an duine, an dearbhú maidir le húsáid cheana a shíniú freisin agus stampa an stáisiúin de chuid an Gharda Síochána lena mbaineann a ghreamú de.

(c) Ní bhreithneoidh an t-údarás ceadúnúcháin dearbhú maidir le húsáid cheana a thugann duine dó a mhainníonn a dhualgas nó a dualgas faoi *fho-alt (7)* a chomhlíonadh arb é atá ann dualgas iarratas a dhéanamh ar cheadúnas nó dearbhú maidir le neamhúsáid a dhéanamh de réir an ailt seo le linn na hidirthréimhse.

(11) I gcás go mainníonn úinéir feithicle, le linn na hidirthréimhse, a dhualgas nó a dualgas faoi *fho-alt (7)* a chomhlíonadh arb é atá ann dualgas iarratas a dhéanamh ar cheadúnas nó dearbhú maidir le neamhúsáid a dhéanamh de réir an ailt seo agus, d'ainneoin nach raibh an fheithicil lena mbaineann in úsáid in aon áit phoiblí—

(a) beidh feidhm ag alt 20(1AB) (a chuirtear isteach le *halt 6*) d'Acht 1992 maidir le hiarratas ar cheadúnas arna dhéanamh aige nó aici agus beidh an t-úinéir faoi dhliteanas, de dhroim na mainneachtana sin, i leith an mhuirir breise agus an ráta dleachta máil is iníoctha faoin bhfo-alt sin, agus

(b) ní ghlacfaidh an t-údarás ceadúnúcháin le dearbhú maidir le neamhúsáid ach amháin de réir alt 20B (a chuirtear isteach le *halt 7*) d'Acht 1992.

(12) I gcás go ndéanann duine dearbhú maidir le neamhúsáid faoi *fho-alt (2)(b)* nó *(7)(b)*, féadfaidh sé nó sí an dearbhú maidir le neamhúsáid a thabhairt don údarás ceadúnúcháin aon tráth le linn na hidirthréimhse agus, i gcás den sórt sin, measfar gur thosaigh an tréimhse a shonraítear sa dearbhú maidir le neamhúsáid ar an gcéad lá den mhí ina ndéantar é.

CUID 3

LEASÚ AR AN ACHT AIRGEADAIS (DLEACHTA MÁIL) (FEITHICLÍ), 1952

Leasú ar alt 1 den Acht Airgeadais (Dleachta Máil) (Feithiclí), 1952

10. Leasaítear alt 1 den Acht Airgeadais (Dleachta Máil) (Feithiclí), 1952 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh *fho-alt (11A)*:

“(11AB) Aon duine a dhéanann, i dtaca le hiarratas ar aisíocaíocht i leith na dleachta a íocadh ar cheadúnas a géilleadh

faoi fho-alt (11A), faisnéis a thabhairt d'údarás ceadúnúcháin ina bhfuil faisnéis is eol dó nó di a bheith bréagach, nó míthreorach i bponc ábhartha, beidh sé nó sí ciontach i gcion agus dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil de chuid aicme B nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi.”.

CUID 4

LEASÚ AR AN ACHT RIALTAIS ÁITIÚIL, 1998

Leasú ar alt 4 den Acht Rialtais Áitiúil, 1998

11. Leasaítear alt 4(6) den Acht Rialtais Áitiúil, 1998—

- (a) i mír (a), trí “ag an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt” a chur in ionad “ag an Aire”, agus
- (b) (i) trí “an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt” a chur in ionad “an tAire nó an tAire Iompair”, agus
- (ii) “leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt” a chur in ionad “leis an Aire lena mbaineann”.

Leasú ar alt 6 den Acht Rialtais Áitiúil, 1998

12. Leasaítear an tAcht Rialtais Áitiúil, 1998 in alt 6—

- (a) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

“(1A) Aon uair agus a mhinice a mheasann an tAire gur cuí íocaíocht den sórt sin a dhéanamh i leith caiteachais a bheidh tabhaithe nó le tabhú ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre i gcomhlíonadh a fheidhmeanna mar údarás ceadúnúcháin faoi Chuid III den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, féadfaidh an tAire cibé méid airgid a chinnfidh sé nó sí a íoc as an gCiste leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre chun na caiteachais a ghlanadh, go hiomlán nó go páirteach, a bheidh tabhaithe aige i gcomhlíonadh na bhfeidhmeanna sin.”,

- (b) trí fhomhír (iii) d’fho-alt (2A)(c) a scriosadh, agus

- (c) tríd an bhfo-alt nua seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2A):

“(2AB) Aon uair agus a mhinice a mheasann an tAire gur cuí íocaíocht den sórt sin a dhéanamh i leith caiteachais a bheidh tabhaithe nó le tabhú ag údarás áitiúil amháin nó níos mó le linn seirbhísí gníomhaireachta a sholáthar don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre maidir leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre do chomhlíonadh a fheidhmeanna mar údarás ceadúnúcháin faoi Chuid III den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961, féadfaidh an tAire cibé méid airgid a chinnfidh sé nó sí a íoc as an gCiste leis an údarás áitiúil sin nó leis na húdaráis áitiúla sin chun na caiteachais a ghlanadh, go hiomlán nó go páirteach, a bheidh tabhaithe nó le tabhú aige nó acu le linn na seirbhísí gníomhaireachta sin a sholáthar.”.